
An Roinn Oideachais
Department of Education

# Treoir do Bhunscoileanna Gaeltachta
## Táscairí Dea-Chleachtais don Tumoideachas



An Roinn Oideachais
agus
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

2020




Tá an *Treoir* seo ar fáil ag www.education.gov.ie agus www.cogg.ie

© 2020 An Roinn Oideachais

Arna fhoilsiú ag An Aonad um Oideachas Gaeltachta, An Roinn Oideachais, Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1 D01 RC96.

# Clár


| | |
|---|---|
| Brollach | 3 |
| Réamhrá | 4 |
| Aidhm na Treorach | 5 |
| Ábhar agus Struchtúr na Treorach | 6 |
| 1. An Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus An Fhéinmheastóireacht Scoile | 6 |
| 2. Ról an Bhoird Bhainistíochta | 9 |
| 3. An Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus an Próiseas Pleanála Teanga sa Ghaeltacht | 11 |
| 4. An Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus Curaclam Teanga na Bunscoile (2015) | 11 |
| 5. Na Critéir Theangabhunaithe: Samplaí de Tháscairí Dea-Chleachtais agus Ceisteanna Féinmheastóireachta | 12 |
| Tagairtí | 28 |
| **Aguisín 1:** Na critéir theangabhunaithe d'aitheantas mar bhunscoil Ghaeltachta | 29 |
| **Aguisín 2:** Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna – Forléargas | 30 |
| **Aguisín 3:** Áiseanna teagaisc do mhúineadh scileanna réamhlitearthachta i mbunscoileanna a fheidhmíonn trí Ghaeilge sa Ghaeltacht | 32 |

# Brollach

Tacóidh an ***Treoir do Bhunscoileanna Gaeltachta - Táscairí Dea-Chleachtais don Tumoideachas*** leis na bunscoileanna atá rannpháirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta ina gcuid iarrachtaí oideachas ar ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge a sholáthar agus úsáid na Gaeilge a threisiú mar theanga an phobail Ghaeltachta (***Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022***). Tá an Scéim faoi lánseol anois agus tá scoileanna aonair agus a bpobail ag obair go díograiseach chun na critéir theangabhunaithe a bhaint amach le haitheantas mar scoil Ghaeltachta a ghnóthú.

Tá na táscairí dea-chleachtais sa Treoir seo nasctha leis na critéir theangabhunaithe chun dea-chleachtas agus réimsí forbartha a aithint tríd an bpróiseas féinmheastóireachta chun tacú le feidhmiú an tumoideachais. D'fhéadfaí an foilseachán seo a úsáid mar dhoiciméad oibre chun plé gairmiúil a spreagadh, athmhachnamh a dhéanamh ar an gcleachtas teagaisc agus foghlama trí Ghaeilge, monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn, agus tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí breise a aithint ar mhaithe leis an tumoideachas a neartú.

Eascraíonn an Treoir seo as obair thaighde ***"I dTreo Barr Feabhais: Dea-Chleachtais san Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta"*** (Iúil 2017) a rinneadh, ar son Gaeloideachas, le múinteoirí i scoileanna i gcomhthéacsanna éagsúla sotheangeolaíochta. Táthar buíoch de Gaeloideachas, agus de thaighdeoirí, An Dochtúir T.J. Ó Ceallaigh, Coláiste Mhuire gan Smál agus Aoife Ní Shéaghdha, Ionad na Gaeilge Labhartha, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, as na torthaí taighde seo a roinnt.

Tá buíochas ag dul do gach duine a chabhraigh le foilsiú na treorach seo, agus ina measc, an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG), ionadaithe an Choiste Chomhairligh um Polasaí Oideachas Gaeltachta agus baill an Aonaid um Oideachas Gaeltachta.

Thar aon ní eile, tá moladh tuillte ag múinteoirí agus príomhoidí na scoileanna Gaeltachta atá ag léiriú tacaíochta thar na bearta d'fheidhmiú na Scéime, agus atá ag roinnt a dtaithí agus a ndea-chleachtais lena chéile. Tá rannpháirtíocht ghníomhach na scoileanna an-tábhachtach chun ardchaighdeán oideachais trí Ghaeilge a chinntiú do pháistí na Gaeltachta.

Is léir go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ag scoileanna agus go bhfuil tionchar dearfach á imirt ag an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta ar phobail Ghaeltachta agus ar chur chun cinn na Gaeilge go ginearálta. Gan amhras, tá scoileanna ag céimeanna éagsúla ar an aistear chun an tumoideachas a chur i bhfeidhm agus na critéir theangabhunaithe go léir a bhaint amach chun aitheantas a fháil mar scoil Ghaeltachta. Moltar tiomantas agus díograis na scoláirí, na múinteoirí, na bpríomhoidí, agus na mbord bainistíochta. Táthar ag súil go mbeidh an Treoir seo ina cabhair do scoileanna agus iad ag obair go leanúnach le todhchaí na Gaeilge a dheimhniú.

An tAonad um Oideachas Gaeltachta, An Roinn Oideachais
agus
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

# Réamhrá

Is í sprioc uileghabhálach an ***Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022*** (***Polasaí***) a chinntiú go bhfuil eispéireas oideachais ardchaighdeáin agus ábhartha trí mheán na Gaeilge ar fáil do na daoine óga uile atá ina gcónaí i limistéir Ghaeltachta, agus ar an mbonn sin, tacú le húsáid na Gaeilge mar phríomhtheanga na dteaghlach agus na bpobal Gaeltachta (***Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022***, lch 10).

Tá tosaíocht an Rialtais i dtaca le feabhas a chur ar cháilíocht sholáthar an oideachais trí mheán na Gaeilge sa Ghaeltacht leagtha amach go soiléir sa ***Pholasaí*** agus tá sé ag teacht le ***Cumasú: Ráiteas Straitéise na Roinne Oideachais agus Scileanna 2019-2021*** agus leis an ***Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030***.

Tá an ***Scéim Aitheantais Scoileanna Gaelachta*** (***Scéim***) bunaithe ar na próisis seo a leanas:

- an fhéinmheastóireacht scoile éifeachtach
- an feabhsúchán leanúnach scoile
- an comhoibriú agus an chomhpháirtíocht idir na rannpháirtithe i bpobal na scoile.

Bronnfar aitheantas ar scoil mar scoil Ghaeltachta nuair atá na critéir theangabhunaithe a bhaineann leis an ***Scéim*** comhlíonta aici. Bainfear amach na critéir seo trí fhéinmheastóireacht scoile agus trí phlean gníomhaíochta feabhsúcháin scoile a chur i bhfeidhm. Mar chuid thábhachtach den phróiseas féinmheastóireachta seo, tá monatóireacht, agus meastóireacht le déanamh ar éifeachtacht agus dul chun cinn an phlean gníomhaíochta. Is gá an plean a fhorbairt ó bhliain go bliain chun feabhas leanúnach a chinntiú. Tacóidh an próiseas timthriallach féinmheastóireachta scoile seo le soláthar oideachais ar ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge sa Ghaeltacht a fhorbairt, óna dtiocfaidh éiteas cinnte do scoileanna Gaeltachta. Rachaidh an t-éiteas seo chun tairbhe an teagaisc agus na foghlama trí mheán na Gaeilge sa Ghaeltacht agus neartóidh sé naisc leis an bpobal áitiúil ó thaobh úsáid na Gaeilge sa phobal a chothú.

# Aidhm na Treorach

Tá sé mar aidhm ag an *Treoir* seo léiriú agus tacaíocht phraiticiúil a thabhairt do na bunscoileanna ar tháscairí dea-chleachtais an oideachais trí mheán na Gaeilge sa Ghaeltacht i.e. dea-chleachtais an tumoideachais. Tógfaidh a leithéid ar an dea-chleachtas atá ann cheana agus cothófar comhthuiscint ar a bhfuil i gceist le dea-chleachtas thar na comhthéacsanna ilchineálacha.

**Cén bhrí atá leis an téarma *Tumoideachas* sa cháipéis seo?**

Baineann an téarma ***Tumoideachas***, mar a úsáidtear sa ***Treoir*** é, le comhthéacs na scoile Gaeltachta agus is í an bhrí atá leis ná an soláthar oideachais, lasmuigh de mhúineadh churaclam an Bhéarla, a chur ar fáil go hiomlán trí mheán na Gaeilge. Ciallaíonn lántumadh go bhfeidhmíonn an timpeallacht oideachais trí Ghaeilge amháin. Cuidíonn an próiseas seo le forbairt níos iomláine ar inniúlachtaí teanga na ndaltaí. Úsáidtear an frása "***luath-thumadh iomlán***" i gcomhthéacs na scoile Gaeltachta chun cur síos a dhéanamh ar an gcleachtas a bhaineann le clár lántumtha dhá bhliain trí Ghaeilge a chur i bhfeidhm i ranganna na naíonán, nuair nach múinfear Béarla le linn na tréimhse seo.

Cabhróidh na táscairí dea-chleachtais atá leagtha amach sa ***Treoir*** seo le scoileanna sainspriocanna a aithint atá ag teacht leis na critéir theangabhunaithe éagsúla chun an tumoideachas a neartú. Beidh na táscairí dea-chleachtais tairbheach do mhúinteoirí agus iad ag féachaint lena gcleachtas a fhorbairt agus a fheabhsú go leanúnach tríd an bpróiseas timthriallach féinmheastóireachta agus feabhsúcháin.

Is féidir an *Treoir* seo a úsáid chun:

- athmhachnamh a dhéanamh ar an gcleachtas teagaisc agus foghlama trí mheán na Gaeilge, i gcomhthéacs na scoile Gaeltachta
- an plé gairmiúil maidir le cúrsaí teagaisc, foghlama, ceannaireachta agus bainistíochta, mar a bhaineann le cur i bhfeidhm an tumoideachais, a threorú
- dea-chleachtas i gcomhthéacs an tumoideachais a aithint, a fhorbairt agus a leathnú
- spriocanna agus bearta a shásóidh na critéir theangabhunaithe don tumoideachas a aimsiú.

Tugann an ***Treoir*** seo achoimre ar an bpróiseas féinmheastóireachta scoile agus míníonn sé conas a fheidhmeoidh scoileanna na ***Scéime*** tríd an bpróiseas sin. Tá sé mar aidhm ag an gcáipéis, chomh maith, ceangal a dhéanamh idir feidhmiú na ***Scéime*** agus feidhmiú an phróisis phleanála teanga sa Ghaeltacht agus nasc a dhéanamh le ***Curaclam Teanga na Bunscoile*** (2015).

Is ar mhaithe le próiseas féinmheastóireachta a stiúradh i measc fhoirne agus phobal na scoileanna, próiseas a bhfuil taithí ag scoileanna air cheana féin, a chuirtear na táscairí dea-chleachtais ar fáil sa ***Treoir*** seo. Ní hionann na táscairí seo agus seicliosta don mheastóireacht sheachtrach; is d'úsáid inmheánach na scoileanna amháin iad. Is féidir leis na scoileanna na táscairí a úsáid chun plé inmheánach a thosú agus chun sainspriocanna a aithint iad féin.

## Ábhar agus Struchtúr na Treorach

Cuirtear an *Treoir* i láthair ina gcúig mhír.

**Mír 1: An Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus an Fhéinmheastóireacht Scoile (FMS)**
Tugtar léargas i Mír 1 ar an bpróiseas féinmheastóireachta faoi mar atá sé leagtha amach in *Féinmheastóireacht Scoile: Treoirlínte 2016-2020: Bunscoileanna* agus tugtar treoir ann (sa mhír seo) ar conas an *Scéim* a chur i bhfeidhm trína leithéid de phróiseas.

**Mír 2: Ról an Bhoird Bhainistíochta**
Tugtar soiléiriú i Mír 2 ar an ról atá ag bord bainistíochta na scoile sa phróiseas féinmheastóireachta scoile chun an soláthar oideachais trí mheán na Gaeilge a fheabhsú sa scoil Ghaeltachta agus chun cur le sainspiorad agus éiteas na bunscoile Gaeltachta.

**Mír 3: An Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus an Próiseas Pleanála Teanga Gaeltachta**
Mínítear i Mír 3 an tslí ina ndéanfaidh an próiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht tacaíocht a sholáthar do scoileanna atá ag glacadh páirte sa *Scéim* nuair a bhíonn na pleananna teanga á bhfeidhmiú.

**Mír 4: An Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus Curaclam Teanga na Bunscoile (2015)**
Mínítear i Mír 4 conas is féidir le *Curaclam Teanga na Bunscoile (2015)* agus, go háirithe, na Torthaí Foghlama agus na Contanaim Dul Chun Cinn, tacú le scoileanna spriocanna feabhais a aithint do chur i bhfeidhm na *Scéime.*

**Mír 5: Na Critéir Theangabhunaithe: Samplaí de Tháscairí Dea-Chleachtais agus Ceisteanna Féinmheastóireachta**
Roinntear i Mír 5 na critéir theangabhunaithe ina samplaí de tháscairí dea-chleachtais agus ceisteanna féinmheastóireachta a thacóidh le bunscoileanna a bpleananna gníomhaíochta a mheas, sainspriocanna nua a aithint, agus monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a bpleananna agus iad páirteach i dtimthriall feabhsúcháin.

## 1. An Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus An Fhéinmheastóireacht Scoile

Is próiseas comhoibríoch, athmhachnamhach í an fhéinmheastóireacht scoile (*FMS*) a tugadh isteach i gcóras scolaíochta na hÉireann sa bhliain 2012 chun go mbeadh scoileanna páirteach in athbhreithniú inmheánach dírithe ar fheabhas a chur ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim. Tugann an próiseas *FMS* deis do phobal scoile an dea-chleachtas a aithint agus a dhearbhú agus réimsí a bhfuil feabhsúcháin de dhíth orthu a aithint agus gníomhú ina leith. Mar a mhínítear sa cháipéis *Féinmheastóireacht Scoile: Treoirlínte 2016-2020: Bunscoileanna:*

> "Baineann féinmheastóireacht scoile go príomha le scoileanna ag glacadh seilbhe ar a bhforbairt agus a bhfeabhsúchán féin." (lch 6).

Cé go bhfuil meastóireacht sheachtrach i gceist chomh maith (Cigireacht na Roinne Oideachais), is próisis iad an fhéinmheastóireacht scoile agus an mheastóireacht sheachtrach atá fite fuaite, agus tá an dá phróiseas dírithe ar fheabhsúchán.

Mar chuid den phróiseas féinmheastóireacht scoile seo:

- Cuireann an scoil plean gníomhaíochta scoile le chéile a eascraíonn as fiosrú athmhachnamhach agus as fianaise a bhailítear laistigh de chomhthéacs ar leith na scoile féin.
- Úsáideann an scoil an fhianaise seo chun spriocanna agus gníomhartha fiúntacha feabhsúcháin a aithint, spriocanna a bhíonn dírithe ar chaighdeán an teagaisc agus na foghlama trí Ghaeilge a fheabhsú.
- Cruthaíonn an scoil na pleananna gníomhaíochta mar thoradh ar rannpháirtíocht phobal na scoile uile.
- Déanann an scoil na pleananna a chur i bhfeidhm, an dul chun cinn leo a thomhas, agus spriocanna ábhartha nua a aithint de réir mar is gá.

Is próiseas timthriallach an cur chuige féinmheastóireacht scoile, a bhfuil 6 chéim ann (***Féinmheastóireacht Scoile: Treoirlínte 2016-2020***: ***Bunscoileanna;*** lgh 10-14) agus ba chóir an ***Scéim*** a chur i bhfeidhm ag teacht leis an bpróiseas ***FMS*** seo. Ba chóir plean gníomhaíochta na scoile don ***Scéim*** chun an t-oideachas trí mheán na Gaeilge a threisiú, a chomhtháthú mar chuid den tuairisc ***FMS***, agus gan ach cáipéis amháin a bheith ann.

Tá na scoileanna atá ag lorg aitheantais mar bhunscoileanna Gaeltachta tar éis pleananna gníomhaíochta a dhréachtú mar chéad chéim thosaigh de chur i bhfeidhm na ***Scéime.*** Is iad na chéad chéimeanna eile ná feidhmiú na bpleananna agus meastóireacht a dhéanamh ar a dtionchar ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim trí mheán na Gaeilge sa Ghaeltacht agus ar úsáid na Gaeilge sa phobal scoile.

Seo achoimre ar an bpróiseas sé chéim féinmheastóireacht scoile ina iomláine:

- **Céim 1: Fócas a aithint**
  Beidh fócas na ***FMS*** bunaithe ar thuiscint agus ar eolas na múinteoirí ar an gcomhthéacs scoile (Gaeltachta) atá acu féin ar na sainchritéir theangabhunaithe (Aguisín 1) agus ar an réimse teagaisc agus foghlama atá roghnaithe chun an t-oideachas trí mheán na Gaeilge a threisiú.

- **Céim 2: Fianaise a bhailiú**
  Bailítear an fhianaise ón bpobal scoile i gcomhthéacs an fhócais atá roghnaithe i gCéim 1. Cur síos ar chomhthéacs na scoile (mar shampla, proifíl teanga na ndaltaí, proifíl teanga na múinteoirí srl) agus sonraí cainníochtúla (mar shampla, ceistneoirí) agus/nó cáilíochtúla (mar shampla, agallaimh/grúpaí fócais) ó mhúinteoirí/bord bainistíochta/daltaí/tuismitheoirí ag brath ar nádúr an fhócais fhéinmheastóireachta i.e. na critéir theangabhunaithe ar leith a bhfuiltear dírithe orthu.

- **Céim 3: Anailís agus breithiúnais a dhéanamh**
  Déantar anailís agus breithiúnas ar an bhfianaise maidir le láidreachtaí reatha na scoile ó thaobh an oideachais trí mheán na Gaeilge sa scoil Ghaeltachta agus i dtaca leis na réimsí a bhfuil gá le feabhsúchán scoile iontu. Is anseo a aithnítear spriocanna agus sainspriocanna feabhsúcháin don phlean gníomhaíochta feabhsúcháin i dtaca leis na critéir theangabhunaithe agus leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim.

- **Céim 4: Tuairisc fhéinmheastóireachta agus plean gníomhaíochta feabhsúcháin a scríobh agus a roinnt**
  Cuireann an scoil plean le chéile chun an ghné áirithe de chaighdeán an oideachais a bhfuiltear ag díriú uirthi a fheabhsú agus roinntear torthaí na meastóireachta agus an plean feabhsúcháin le

pobal na scoile. Bíonn cinneadh le tógáil ag an scoil maidir leis an tslí is fearr le tuairisciú ar an dul chun cinn atá déanta agus le socruithe a dhéanamh chun an tuairisc fhéinmheastóireacht scoile agus an plean feabhsúcháin a roinnt le pobal na scoile.

- **Céim 5: An plean feabhsúcháin a chur i bhfeidhm**
  Ní thiocfaidh feabhas ar obair na scoile i dtaca le foghlaim agus teagasc i scoil Ghaeltachta go dtí go mbeidh gníomhartha an phlean i bhfeidhm. Ba chóir go mbeadh pearsanra uile na scoile lárnach san obair a bhaineann le plean feabhsúcháin a chur i bhfeidhm, is é sin, gníomhartha ag leibhéal an tseomra ranga aonair agus ag leibhéal na scoile uile.
- **Céim 6: Monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhartha agus an tionchar a mheas**
  Chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na ngníomhartha feabhais, caithfidh ceannairí an phróisis agus na múinteoirí ar fad a bheith ag déanamh monatóireachta agus athbhreithnithe rialta chórasacha orthu.

Tá sé tábhachtach go mbeadh breithiúnas ar siúl ag an scoil le linn an phróisis le cinntiú go bhfuil éifeacht ag na gníomhartha feabhsúcháin, go bhfuil athruithe sa chleachtas agus go bhfuil tionchar aige seo ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim trí mheán na Gaeilge sa scoil Ghaeltachta.

I measc na modhanna meastóireachta féideartha tá:

- athbhreithniú gairmiúil aonair agus comhoibríoch ar theagasc agus ar fhoghlaim trí mheán na Gaeilge:
  - féinmhachnamh na múinteoirí
  - athbhreithniú ar theagasc foirne comhoibríoch
  - athbhreithniú comhoibríoch ar theagasc agus foghlaim
  - athbhreithniú aonair agus comhoibríoch ar obair na ndaltaí.
- tuairimí phobal na scoile ar ghnéithe den oideachas trí mheán na Gaeilge sa scoil Ghaeltachta:
  - tuairimí na ndaltaí, na múinteoirí agus na dtuismitheoirí a fháil.
- athbhreithniú ar shonraí ar ghnóthachtáil na ndaltaí:
  - anailís ar thascanna deartha ag múinteoirí chun líofacht, cruinneas agus saibhreas teanga na ndaltaí a thomhas
  - anailís ar thorthaí trialacha caighdeánaithe, más cuí, agus comparáid idir torthaí na dtrialacha caighdeánaithe agus na noirm náisiúnta
  - anailís ar ghnóthachtáil na ndaltaí maidir le torthaí foghlama don Ghaeilge mar atá leagtha amach in ***Curaclam Teanga na Bunscoile (2015)*** agus in achair eile an churaclaim trí Ghaeilge
  - athbhreithniú ar shonraí maidir le meon na ndaltaí i leith an teagaisc agus na foghlama trí mheán na Gaeilge sa scoil Ghaeltachta.
- athbhreithniú ar chomhthéacs agus ar pholasaithe na scoile:
  - iniúchadh ar chéatadán na gcainteoirí dúchais Gaeilge agus na bhfoghlaimeoirí Gaeilge
  - iniúchadh ar labhairt shóisialta na Gaeilge i measc na ndaltaí agus na múinteoirí
  - iniúchadh ar an bpáirt a ghlacann na daltaí agus na múinteoirí in imeachtaí teangalárnacha sa phobal Gaeltachta
  - iniúchadh ar pholasaí do labhairt na Gaeilge sa scoil agus ar úsáid na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) chun tacú le foghlaim agus teagasc na teanga.

De réir an ***Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna*** (Aguisín 2), tarlaíonn an feabhsúchán is éifeachtaí i gcóras "dea-chomhtháite meastóireachta a mheascann an dearcadh seachtrach (mar shampla, dearcadh na Roinne Oideachais/na Cigireachta) le tuairimí athmhachnamhacha agus comhoibríocha na gceannairí scoile, na múinteoirí, na dtuismitheoirí agus na ndaltaí" (***Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna***, lch 7).

Nuair atá an plean gníomhaíochta feabhsúcháin curtha i bhfeidhm, tosaíonn timthriall nua den fhéinmheastóireacht scoile, le sainspriocanna nua atá dírithe ar na critéir theangabhunaithe agus ar fheabhsúchán scoile.

## 2. Ról an Bhoird Bhainistíochta

Bíonn bord bainistíochta ag bainistiú na scoile thar ceann an Phátrúin, mar atá leagtha amach san Acht Oideachais, 1998, agus sna himlitreacha, treoirlínte agus nósanna imeachta ábhartha a eisíonn an Roinn Oideachais. Tá an fhreagracht ar an mbord a dheimhniú go bhforbraítear plean forbartha na scoile i gcomhairle leis an bpobal scoile, pátrún na scoile san áireamh.

Cé go ndéanfaidh an bord maoirsiú ar fheidhmiú na ***Scéime***, is próiseas comhoibríoch, uileghabhálach agus machnamhach é obair na scoile a athbhreithniú ina mbíonn pobal na scoile agus an coiste áitiúil don phleanáil teanga páirteach. Glacann an príomhoide agus an fhoireann, faoi stiúir an bhoird bhainistíochta agus i gcomhairle le tuismitheoirí agus daltaí, páirt i bhfiosrú athmhachnamhach ar obair na scoile i dtaca le sároideachas trí mheán na Gaeilge a sholáthar sa Ghaeltacht. Is léir, mar sin, go bhfuil páirt ag pobal na scoile ar fad i gcur i bhfeidhm an fheabhsúcháin a bhaineann leis an ***Scéim*** agus go bhfuil ról ar leith ag an mbord bainistíochta an próiseas sin a stiúradh. D'fhéadfadh an tábla thíos a bheith ina chabhair don bhord bainistíochta agus é ag déanamh maoirseachta ar fheidhmiú an tumoideachais sa scoil.

| Réimse | Conas is féidir leis an mbord bainistíochta tacú le feidhmiú an tumoideachais sa scoil |
|---|---|
| An Ghaeilge | • Tacaíonn an bord le cur chun cinn na Gaeilge sa scoil ar bhonn leanúnach.<br>• Déanann an bord a ghnó trí Ghaeilge chomh fada agus is féidir.<br>• Cinntíonn an bord go bhfuil tuiscint ag an bpobal gur scoil Ghaeltachta í an scoil.<br>• Tá tosaíocht tugtha don Ghaeilge i gcáipéisíocht na scoile, na polasaithe san áireamh.<br>• Cinntíonn an bord gurb í an Ghaeilge an teanga a úsáidtear i ngach gné d'obair na scoile. |
| Pleanáil scoile uile | • Is é an bord a shainmhíníonn fís na scoile i leith an tsoláthair oideachais trí Ghaeilge sa scoil Ghaeltachta.<br>• Cinntíonn an bord go bhfuil sé cláraithe sa pholasaí iontrála gur scoil Ghaeltachta í agus gurb í an Ghaeilge teanga na cumarsáide, an teagaisc agus na foghlama sa scoil.<br>• Cinntíonn an bord go bhfuil<br>– polasaí scoile uile i leith na Gaeilge mar theanga na scoile deartha agus uasdátaithe de réir mar is cuí<br>– plean scoile uile don Ghaeilge, mar ábhar, deartha agus uasdátaithe de réir mar is cuí<br>– plean scoile uile do na hábhair churaclaim eile, trí mheán na Gaeilge, deartha agus uasdátaithe de réir mar is cuí. |

| Réimse | Conas is féidir leis an mbord bainistíochta tacú le feidhmiú an tumoideachais sa scoil *(ar lean)* |
|---|---|
| **Gníomh-phleanáil** | • Glacann an bord páirt ghníomhach sa phróiseas pleanála ar mhaithe leis na critéir theangabhunaithe a chomhlíonadh le haghaidh aitheantas mar scoil Ghaetachta.<br>• Oibríonn an bord agus foireann na scoile i gcomhar lena chéile le cinntiú go bhfuil<br>– spriocanna réadúla intomhaiste leagtha amach sa phlean gníomhaíochta scoile<br>– gníomhartha oiriúnacha pleanáilte chun na spriocanna sin a bhaint amach<br>– athbhreithniú déanta ar an bplean gníomhaíochta go rialta<br>– an dul chun cinn aitheanta<br>– spriocanna nua leagtha amach, de réir mar is gá<br>– uasdátú rialta déanta agus pléite ag an mbord.<br>• Déanann an bord róil cheannasaíochta agus freagrachtaí i leith fheidhmiú an tumoideachais a aithint agus a chomhaontú.<br>• Cuireann an bord achoimre gairid den tuairisc fhéinmheastóireachta scoile agus den phlean feabhsúcháin scoile ar fáil go bliantúil do phobal na scoile. |
| **Comhpháirtíocht** | • Cothaíonn an bord comhpháirtíocht dhearfach agus oscailte leis na tuismitheoirí agus leis an bpobal.<br>• Dáileann an bord eolas ar an bpobal maidir le buntáistí an tumoideachais agus an dátheangachais/ilteangachais.<br>• Tacaíonn an bord le cumann na dtuismitheoirí ina gcuid oibre i leith an tumoideachais (tacaíocht a thabhairt do bhunú coiste más gá).<br>• Cothaíonn an bord nasc tairbheach leis an bpobal, le suíomhanna luathoideachais agus le scoileanna Gaeltachta/ lán-Ghaeilge eile agus leis an gcoiste pleanála teanga áitiúil. |
| **Acmhainní daonna a bhainistiú** | • Earcaíonn an bord, de réir íosriachtanais imlitreacha ábhartha na Roinne Oideachais, foireann atá inniúil sa Ghaeilge.<br>• Tacaíonn an bord leis an bhfoireann chun deiseanna oiliúna a rochtain, ar nós cúrsaí a sholáthraíonn na seirbhísí tacaíochta náisiúnta agus COGG, lena n-inniúlacht sa Ghaeilge agus a dtuiscint ar an tumoideachas a neartú.<br>• Cinntíonn an bord go bhfuil cur chuige scoile uile ann i bhfeidhmiú an tumoideachais chun na critéir theangabhunaithe a bhaint amach.<br>• Deimhníonn an bord go bhfuil na tacaí a chuirtear ar fáil mar chuid den Scéim in úsáid go héifeachtach de réir imlitreacha agus treoirlínte na Roinne (mar shampla, na huaireanta tacaíochta breise don Ghaeilge).<br>• Deimhníonn an bord go bhfuil na córais bhainistíochta agus na nósanna imeachta cuí á gcur i bhfeidhm le cinntiú go bhfuil na deontais a bhaineann leis an Scéim in úsáid de réir mar a bhí beartaithe dóibh. |

## 3. An Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus an Próiseas Pleanála Teanga sa Ghaeltacht

Beidh an comhoibriú idir obair na scoileanna agus obair na gcoistí/na gceanneagraíochtaí pleanála teanga sa Ghaeltacht tábhachtach maidir le feidhmiú na ***Scéime*** agus feidhmiú na bpleananna teanga áitiúla sa Ghaeltacht**.** Tá coistí pleanála teanga bunaithe sna 26 limistéar pleanála teanga Gaeltachta chun pleananna teanga a ullmhú agus a fheidhmiú i ngach limistéar pleanála teanga chun úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht a chaomhnú agus a threisiú.

Aithnítear sa ***Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022*** gur ceantair ar leith iad na ceantair Ghaeltachta a bhfuil tábhacht shuntasach theangeolaíoch, chultúrtha, eacnamaíoch leo agus go bhfuil an Ghaeilge an-leochaileach mar theanga teaghlaigh agus phobail sa Ghaeltacht sa lá atá inniu ann.

Dearbhaítear sa ***Pholasaí*** gur acmhainn í an Ghaeltacht do chainteoirí Gaeilge agus d'fhoghlaimeoirí na teanga nach féidir a fháil thar n-ais, munar féidir teacht i gcabhair ar an bpobal teanga sa Ghaeltacht.

Mínítear sa ***Pholasaí*** an tábhacht atá le rannpháirtíocht na scoileanna sa phróiseas pleanála teanga áitiúil sa Ghaeltacht (***Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022***, lch 45), a bhfuil mar aidhm aige tacú ar bhealach córasach comhtháite leis an nGaeilge mar theanga phobail agus teaghlaigh sa Ghaeltacht chun cur le húsáid laethúil na teanga sna ceantair Ghaeltachta (***Treoirlínte Pleanála Teanga 2016***, lch 7).

Sa ***Pholasaí***, tá critéar teangabhunaithe amháin do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna a phléann go sonrach le rannpháirtíocht na scoileanna sa phróiseas pleanála teanga áitiúil; Critéar 9 i gcás na mbunscoileanna (Imlitir 0033/2017) agus Critéar 8 i gcás na n-iar-bhunscoileanna (Imlitir 0034/2017). Éilítear leis an gcritéar seo go mbeadh na scoileanna Gaeltachta "ag tacú lena bpobal scoile sa phróiseas pleanála teanga (***Acht na Gaeltachta, 2012***) trí chuidiú le húsáid agus cothú na Gaeilge sa scoil agus sa phobal áitiúil Gaeltachta."

## 4. An Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus Curaclam Teanga na Bunscoile (2015)

In ***Curaclam Teanga na Bunscoile*** (2015), ina ndéantar comhtháthú idir an Ghaeilge agus an Béarla in aon churaclam teanga amháin, tugtar aitheantas don dá theanga mar chéad (T1) agus mar dhara teanga (T2) ag brath ar chomhthéacs na scoile. Is í teanga teagaisc agus comhthéacs foghlama na scoile a chinneann an T1 in aon scoil. I gcás na scoileanna atá ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge sa Ghaeltacht, ina bhfuil an Ghaeilge mar T1, moltar foghlaim an Bhéarla a chur siar go dtí tús rang a haon, tar éis próiseas comhairliúcháin le tuismitheoirí, ar mhaithe le buanú agus treisiú a dhéanamh ar an nGaeilge (***Curaclam Teanga na Bunscoile***, lch 6).

Cuireann ***Curaclam Teanga na Bunscoile*** béim ar leith ar an tábhacht a bhaineann le haird ar leith a dhíriú ar na riachtanais éagsúla atá ag na páistí ar fad. Tugann an tumoideachas deis do chainteoirí dúchais a gcuid Gaeilge a shaibhriú agus a fhorbairt agus tugann sé deis do na páistí, nach bhfuil ina gcainteoirí dúchais Gaeilge, iad féin a thumadh sa teanga. Tá béim ar leith sa churaclam teanga nua ar thraschur scileanna ó theanga amháin go teanga eile agus ar chomhtháthú idir teangacha.

> "Cuideoidh forbairt scileanna i dteanga amháin le páistí scileanna atá cosúil leo a fhorbairt i dteanga eile ach go leor teagmhála a bheith acu leis an teanga, agus spreagadh agus deiseanna go leor a bheith acu le dul i ngleic leis an teanga" (***Curaclam Teanga na Bunscoile***, lch 18).

Tá na snáitheanna in ***Curaclam Teanga na Bunscoile*** bunaithe ar thrí ghné sa dá theanga:

(1) cumarsáid a fhorbairt trí theanga

(2) ábhar agus struchtúr na teanga a thuiscint

(3) teanga a fhiosrú agus a úsáid taobh istigh de na trí shnáithe choitianta don Ghaeilge agus don Bhéarla: teanga ó bhéal, léitheoireacht agus scríbhneoireacht.

Déanann torthaí foghlama an churaclaim cur síos ar an bhfoghlaim teanga agus ar an bhforbairt teanga a bhfuiltear ag súil leo ó pháistí.  Aithnítear sna contanaim dul chun cinn go dtagann páistí ar scoil agus eispéiris éagsúla teanga acu, go mbíonn siad ag staideanna éagsúla ar a n-aistear foghlama teanga agus go bhforbraíonn siad ag rátaí difriúla. Cabhraíonn an contanam seo le múinteoirí breithiúnais a thabhairt agus an pointe ag a bhfuil páistí ina n-aistear foghlama teanga in T1 agus in T2 a aithint. Cuireann a leithéid eolas ábhartha ar fáil chun tacú leis an bpleanáil agus le cur chuige iomlánaíoch ar an measúnú ar fhoghlaim na bpáistí (***Curaclam Teanga na Bunscoile***, ***2015).***

Is uirlis mhaith phleanála atá sna mórchéimeanna agus mionchéimeanna dul chun cinn agus sna contanaim atá nasctha leis na torthaí foghlama i g***Curaclam Teanga na Bunscoile*** do mhúinteoirí i scoileanna Gaeltachta. Cabhraíonn an contanam dul chun cinn le múinteoirí breithiúnas a thabhairt ar cén cumas atá ag na daltaí agus cad í an chéad chéim eile ar an gcontanam do na daltaí ag leibhéil chumais éagsúla (cainteoirí dúchais, foghlaimeoirí na Gaeilge mar dhara theanga, Béarla mar theanga breise (BTB)/daltaí ilteangacha). Cabhraíonn na contanaim, na torthaí foghlama agus na samplaí a thugtar sna hábhair thacaíochta le múinteoirí athmhachnamh a dhéanamh agus sainspriocanna a aithint a fheabhsóidh teagasc agus foghlaim na teanga, agus an measúnú ar fhoghlaim na teanga.

Ní mór béim a chur ar úsáid na teanga mar mheán na foghlama seachas mar sprioc na foghlama chomh maith agus inniúlacht teanga acadúil chognaíoch na ndaltaí a fhorbairt agus a shealbhú. Sna cásanna nach bhfuil bunscoileanna ag feidhmiú go huile is go hiomlán trí mheán na Gaeilge fós, tugann ***An Fhoghlaim Chomhtháite Ábhair agus Teanga (FCÁT)*** deis do pháistí coincheapa, meonta agus scileanna i réimsí éagsúla an churaclaim a fhoghlaim trí Ghaeilge, agus a muinín a fhorbairt trína scileanna nua teanga a úsáid i bhfíorchomhthéacsanna taobh amuigh den cheacht teanga scoile. Tugtar deiseanna do mhúinteoirí an Ghaeilge a chomhtháthú trasna an churaclaim ar bhealach gníomhach bríoch. (***Curaclam Teanga na Bunscoile***, lch 43)

## 5. Na Critéir Theangabhunaithe: Samplaí de Tháscairí Dea-Chleachtais agus Ceisteanna Féinmheastóireachta

Chun aitheantas a bhaint amach mar scoil Ghaeltachta, tá dualgas ar na bunscoileanna feidhmiú go hiomlán trí mheán na Gaeilge (seachas an curaclam don Bhéarla) faoi mar atá leagtha amach i dTábla 1 den ***Pholasaí*** (lch 11). Tá 13 chritéar le comhlíonadh ag bunscoileanna Gaeltachta (Imlitir 0033/2017) chun an t-aitheantas seo sa ***Scéim*** a bhaint amach. Tá liosta iomlán na gcritéar seo le fáil in Aguisín 1 atá ceangailte leis an gcáipéis seo. Eascraíonn critéir theangabhunaithe an ***Pholasaí*** as próiseas

comhairliúcháin agus taighde a chuir An Roinn Oideachais agus Scileanna i gcrích mar réamhobair d'fhoilsiú an ***Pholasaí***. Tagann na critéir seo le dea-chleachtais atá aitheanta go hidirnáisiúnta i dtaca le suíomhanna oideachais atá ag feidhmiú i gcomhthéacsanna atá cosúil le comhthéacs na scoileanna Gaeltachta (Ó Ceallaigh & Ní Shéaghdha, 2017).

D'fhéadfadh na táscairí dea-chleachtais sa chuid seo den ***Treoir*** seo cabhrú le foirne agus le ceannairí na scoileanna ina bplé gairmiúil chun tacú leo ina n-iarrachtaí meastóireacht a dhéanamh ar a bpleananna gníomhaíochta chun an tumoideachas a neartú. D'fhéadfadh na táscairí a bheith úsáideach freisin chun spriocanna, sainspriocanna agus gníomhartha feabhsúcháin nua a aithint tríd an bpróiseas féinmheastóireachta don chéad phlean gníomhaíochta eile. Tá na táscairí dea-chleachtais ar fáil chun scoileanna a threorú le breithiúnais cháilíochta a dhéanamh maidir lena gcuid oibre i réimse an tsároideachais trí mheán na Gaeilge sa scoil Ghaeltachta.

Tá na Táscairí Dea-Chleachtais ailínithe leis an ***gCreat Cáilíochta do Bhunscoileanna: Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016*** (ABSA) a thugann pictiúr soiléir ar chleachtais mhaithe nó an-mhaith i scoileanna. Cabhróidh na Táscairí Dea-Chleachtais agus ABSA le scoileanna Gaeltachta féachaint ar a gcleachtais féin agus a aithint cad atá á dhéanamh go maith acu, agus cad iad na gnéithe d'obair na scoile a d'fhéadfaí a fhorbairt a thuilleadh.  Tá dhá dhiminsean sa chreat cáilíochta seo: teagasc agus foghlaim, agus ceannaireacht agus bainistíocht. Laistigh de na diminsin seo, tá réimsí éagsúla ann chun an caighdeán/feabhas a mheas; mar shampla, mar chuid den diminsean, ***Teagasc agus Foghlaim***, is iad seo na réimsí a úsáidtear chun caighdeán an teagaisc agus na foghlama a mheas:

- torthaí na bhfoghlaimeoirí
- eispéiris na bhfoghlaimeoirí
- cleachtas aonair na múinteoirí
- cleachtas comhchoiteann/comhoibríoch na múinteoirí.

Glacann an creat seo dearcadh iomlánaíoch ar an bhfoghlaim, ina bhfuil folláine na ndaltaí, cáilíocht an teagaisc agus freagracht na scoileanna as caighdeán an oideachais do na foghlaimeoirí mar ghnéithe lárnacha ann. De réir an chreata, is é an sármhaitheas sa teagasc an ghné is mó tionchair agus is cumhachtaí ar ghnóthachtáil na ndaltaí agus mar sin tá forbairt ghairmiúil ar feadh na gairm-réime ríthábhachtach d'obair an mhúinteora. Cuirtear na tuiscintí seo san áireamh sna táscairí dea-chleachtais don oideachas trí Ghaeilge sa scoil Ghaeltachta atá sna Táblaí thíos ó leathanach 14 ar aghaidh. Ceanglaítear na táscairí dea-chleachtais don oideachas Gaeltachta le diminsin agus réimsí ón gCreat Cáilíochta do Bhunscoileanna (***Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna)***.

Chomh maith leis sin, cuireann na táscairí dea-chleachtais san áireamh bunphrionsabail ***Curaclam Teanga na Bunscoile*** (2015). Díríonn na prionsabail seo ar thorthaí foghlama daltaí agus ar chéimeanna dul chun cinn sa chontanam comhtháite foghlama teanga (Gaeilge agus Béarla).

Tá comhthéacs gach scoile éagsúil agus beidh táscairí áirithe a bheidh úsáideach do scoileanna i gcomhthéacs sochtheangeolaíochta áirithe nach mbeidh oiriúnach do scoileanna atá ag feidhmiú i gcomhthéacsanna sochtheangeolaíochta eile. Beidh ceannairí agus foirne na scoileanna ábalta cur leis na táscairí dea-chleachtais seo de réir mar atá oiriúnach dá gcomhthéacs scoile féin i gcás gach critéir theangabhunaithe.

D'fhéadfaí úsáid a bhaint as an gcontanam feabhsúcháin seo i gcás gach táscaire dea-chleachtais chun na chéad chéimeanna feidhmiúcháin eile a threorú:

| Contanam Feabhsúcháin | | | |
|---|---|---|---|
| 1 – le cur i bhfeidhm fós | 2 – dul chun cinn déanta | 3 – á chur i bhfeidhm | 4 – curtha i bhfeidhm cheana |

Cuireann na táscairí a leanann, atá nasctha leis na sainchritéir theangabhunaithe, treoir ar fáil do scoileanna chun dea-chleachtas a aithint agus chun na sainréimsí don fheabhsúchán ar fheidhmiú céimneach an tumoideachais a roghnú.

## TÁBLA 5.1: CRITÉAR 1 DON BHUNSCOLAÍOCHT

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Critéar:** | **Clár lántumtha dhá bhliain trí Ghaeilge a chur i bhfeidhm sa tsraith naíonán, nach múinfear Béarla ar bith lena linn** | | | | |
| **Diminsean:** | **Teagasc agus Foghlaim** | | | | |
| **Réimse:** | • **Torthaí agus eispéiris na bhfoghlaimeoirí**<br>• **Cleachtas aonair agus comhchoiteann/comhoibríoch na múinteoirí** | **1** | **2** | **3** | **4** |
| **Samplaí de Tháscairí Dea-Chleachtais** | Cuirtear timpeallacht foghlama atá fáilteach, sábháilte, tarraingteach, tumtha sa Ghaeilge ar fáil do naíonáin na scoile. | | | | |
| | Baintear leas as cuir chuige atá neadaithe i gcomhthéacs an teagaisc agus na foghlama chun an Ghaeilge a mhealladh agus idirghníomhaíocht trí Ghaeilge a spreagadh i measc na ndaltaí (mar shampla, scéalaíocht choiteann, amhráin, rainn ghníomhaíochta, rólghlacadh). | | | | |
| | Tá clár éisteachta/labhartha á chur i bhfeidhm chun an teanga a mhúineadh agus deiseanna cumarsáide a chur ar fáil chun cur ar chumas na ndaltaí an teanga a shealbhú agus a úsáid. | | | | |
| | Trí Ghaeilge a chuirtear tús le teagasc na litearthachta (i.e. tréimhse dhá bhliain de luath-thumadh, clár luathléitheoireachta/fónaice/foghraíochta grádaithe Gaeilge in úsáid). | | | | |
| | Tá oiliúint ar na múinteoirí ar theagasc na litearthachta trí Ghaeilge chuige seo agus roinneann ceannairí na scoile an t-eolas faoin luath-thumoideachas le múinteoirí agus le tuismitheoirí chun cuidiú le foghlaim na ndaltaí. | | | | |
| | Baintear leas as na torthaí foghlama agus na contanaim dul chun cinn i dtaca leis an teanga ó bhéal, leis an léitheoireacht agus leis an scríbhneoireacht i *gCuraclam Teanga na Bunscoile* (Céim 1) chun tacú le múinteoirí athmhachnamh a dhéanamh ar aistear fhoghlaim teanga na ndaltaí. | | | | |
| | Baintear úsáid as straitéisí difreála do na cainteoirí dúchais Gaeilge agus do na foghlaimeoirí Gaeilge faoi mar atá leagtha amach sa churaclam. Déantar idirdhealú chomh maith le freastal ar leibhéil chumais na ndaltaí uile lena n-áirítear iad siúd le riachtanais speisialta oideachais. | | | | |
| | Baintear leas as tacaíocht bhreise (mar shampla, an cúntóir teanga, daltaí ó na ranganna sinsearacha) chun na naíonáin a thumadh sa Ghaeilge agus chun a dteanga shóisialta a fhorbairt i gclós na scoile. | | | | |
| | Comhoibríonn múinteoirí na naíonán agus múinteoirí na ranganna sóisearacha chun a chinntiú go bhfuil leanúnachas sa chlár labhartha agus litearthachta/fónaice ionas go dtrasnaítear na scileanna ó Ghaeilge go Béarla i rang a haon/dó. | | | | |
| | Leantar ag forbairt scileanna délitearthachta na Gaeilge agus an Bhéarla ar bhonn céimnithe i rang a haon ag baint úsáid as na torthaí foghlama agus na contanaim dul chun cinn don Ghaeilge agus don Bhéarla atá i *gCuraclam Teanga na Bunscoile (Céim 2)*. | | | | |
| | Déantar an luath-thumadh iomlán a phlé i measc na múinteoirí agus na dtuismitheoirí ag deireadh na naíonán sinsearach chun a chinntiú go bhfuil ag éirí leis agus chun aon mholtaí feabhsúcháin a chur san áireamh. | | | | |
| | I suíomhanna ilranga i scoileanna beaga, pléitear agus roghnaítear na modheolaíochtaí is fearr chun an luath-thumadh iomlán a chur i bhfeidhm i ranganna na naíonán nuair atá múinteoir na naíonán ag múineadh rang a haon agus a dó chomh maith. Pléitear na dea-chleachtais a bhaineann le cur i bhfeidhm an luath-thumtha iomláin i suíomh mar seo le múinteoirí/príomhoidí i scoileanna Gaeltachta eile atá cosúil leo. | | | | |

## TÁBLA 5.2: CRITÉAR 2 DON BHUNSCOLAÍOCHT

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Critéar:** | **Cur chuige lántumtha a chur i bhfeidhm, ina múinfear gach réimse foghlama, seachas don Bhéarla, trí Ghaeilge** | | | | |
| **Diminsean:** | **Teagasc agus Foghlaim** | | | | |
| **Réimse:** | • **Torthaí agus eispéiris na bhfoghlaimeoirí**<br>• **Cleachtas aonair agus comhchoiteann/comhoibríoch na múinteoirí** | **1** | **2** | **3** | **4** |
| **Samplaí de Tháscairí Dea-Chleachtais** | Is trí Ghaeilge a mhúintear gach ábhar seachas an Béarla agus cuimsíonn sé sin:<br>• teanga an teagaisc<br>• teanga na foghlama<br>• teanga chumarsáide/shóisialta an ranga<br>• teanga an obair bhaile<br>• teanga na dtéacsleabhar<br>• teanga an obair ghrúpa agus tionscadail<br>• teanga an obair phraiticiúil<br>• teanga na dtástálacha/measúnuithe do gach ábhar ach amháin an Béarla | | | | |
| | Cuireann na múinteoirí ar fad eiseamláirí de Ghaeilge chruinn ar fáil do na daltaí. Soláthraíonn siad ionchur teanga acadúil, cognaíoch agus sóisialta chun go bhfaighidh na daltaí blaiseadh de ghnéithe éagsúla den teanga i dtimpeallachtaí atá saibhir ó thaobh teanga de. | | | | |
| | Tá struchtúr láidir tacaíochta ar fáil sa scoil do mhúinteoirí ó thaobh chaighdeán a gcuid Gaeilge féin (mar shampla, ranganna teanga ábharbhunaithe, ranganna i gcruinneas gramadaí) agus dírítear a n-aird ar chruinneas teanga agus ar shaibhreas teanga. | | | | |
| | Tá cur amach ag múinteoirí ar mhodhanna múinte maithe a nascann múineadh teanga agus múineadh ábhair go héifeachtach ar bhonn comhtháite. | | | | |
| | Ag teacht leis na torthaí foghlama i ***gCuraclam Teanga na Bunscoile***, dírítear go sonrach ar an ngné den churaclam a bhaineann le hábhar agus struchtúr na teanga a thuiscint, ar mhúineadh na gramadaí (Gaeilge agus Béarla) ar bhonn struchtúrtha céimniúil le linn na tréimhse bunscolaíochta agus cuirtear an-bhéim ar chruinnscríobh na Gaeilge (agus an Bhéarla). | | | | |
| | Múintear teanga na n-ábhar eile go follasach chun cur ar chumas na ndaltaí foghlaim trí mheán na Gaeilge. | | | | |
| | Sa teagasc follasach sa Bhéarla ó rang a haon ar aghaidh, déantar forbairt ar choincheapa a d'fhoghlaim na daltaí trí Ghaeilge ar dtús agus déantar aistriú scileanna agus comhtháthú idir teangacha, agus tharstu, a chur chun cinn (i.e. déantar forbairt níos sainiúla ar na buntáistí meititheangeolaíocha[1] a bhaineann leis an dátheangachas suimitheach[2]). | | | | |

1 Na buntáistí cultúrtha a bhaineann le foghlaim an dara teanga.

2 Foghlaim an dara teanga gan cur isteach ar fhorbairt na chéad teanga, mar shampla, foghlaimeoirí na Gaeilge i scoileanna Gaeltachta a fhoghlaimíonn an Ghaeilge gan cur isteach ar a gcuid Béarla. Tugtar an ***dátheangachas dealaitheach*** ar an bpróiseas a tharlaíonn nuair a chuireann foghlaim an dara teanga isteach ar fhorbairt na chéad teanga (mar shampla, cainteoirí dúchais Gaeilge ag foghlaim Béarla róluath sa chóras oideachais Gaeltachta – rud a chuireann isteach ar shealbhú iomlán na Gaeilge dóibh).

### TÁBLA 5.2: CRITÉAR 2 DON BHUNSCOLAÍOCHT (AR LEAN)

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Critéar:** | **Cur chuige lántumtha a chur i bhfeidhm, ina múinfear gach réimse foghlama, seachas an Béarla, trí Ghaeilge** | | | | |
| **Diminsean:** | **Teagasc agus Foghlaim** | | | | |
| **Réimse:** | • **Torthaí agus eispéiris na bhfoghlaimeoirí**<br>• **Cleachtas aonair agus comhchoiteann/comhoibríoch na múinteoirí** | **1** | **2** | **3** | **4** |
| **Samplaí de Tháscairí Dea-Chleachtais** | Bíonn an teagasc sa Bhéarla ag teacht leis na torthaí foghlama atá leagtha síos i *gCuraclam Teanga na Bunscoile* chun ardchaighdeán sa Bhéarla a chinntiú do gach dalta. Déantar pleanáil do dhifreáil[3] an teagaisc agus na foghlama chun freastal ar riachtanais na ndaltaí ar fad, idir chainteoirí dúchais Béarla agus fhoghlaimeoirí Béarla (cainteoirí dúchais Gaeilge/teangacha eile agus daltaí le riachtanais speisialta oideachais). | | | | |
| | Bíonn múinteoirí ag obair as lámh a chéile chun oideolaíochtaí trasteanga[4] a oireann don chomhthéacs a shainaithint, chun aird na ndaltaí a tharraingt go follasach ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir na teangacha atá acu agus chun straitéisí foghlama lárnacha a threisiú ar bhealach comhordaithe. | | | | |
| | Déantar measúnú scoile ar chaighdeán Gaeilge agus Béarla na ndaltaí i dtrí shnáithe den churaclam (teanga ó bhéal, léitheoireacht agus scríbhneoireacht) ag pointí éagsúla le linn na tréimhse bunscolaíochta (measúnú inscoile a thástálann an dá theanga ar shlí chothrom) chun forbairt an dá theanga a mheas. | | | | |
| | Glacann an scoil le hiarratais ó sholáthróirí Oideachas Tosaigh Múinteoirí (ITE) agus cuirtear socrúcháin ar fáil d'ábhar oidí ar chláir ITE agus tugtar tacaíocht dóibh chun taithí a fháil i dtimpeallacht teagaisc agus foghlama trí mheán na Gaeilge. | | | | |

3 Idirdhealú idir daltaí chun riachtanais gach foghlaimeora a chur san áireamh.

4 Oideolaíochtaí trasteanga: cuir chuige/modhanna múinte a úsáideann comparáidí agus difríochtaí idir teangacha chun an fhoghlaim a éascú/a shaibhriú do na daltaí.

### TÁBLA 5.3: CRITÉAR 3 DON BHUNSCOLAÍOCHT

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Critéar:** | **Eispéiris oideachais ardchaighdeáin trí Ghaeilge a sholáthar do na daltaí uile agus aird ar leith á díriú ar riachtanais teanga idirdhealaithe na gcainteoirí dúchais Gaeilge[5] chomh maith le foghlaimeoirí Gaeilge** | | | | |
| **Diminsean:** | **Teagasc agus Foghlaim** | | | | |
| **Réimse:** | • **Torthaí agus eispéiris na bhfoghlaimeoirí**<br>• **Cleachtas aonair agus comhchoiteann/comhoibríoch na múinteoirí** | **1** | **2** | **3** | **4** |
| **Samplaí de Tháscairí Dea-Chleachtais** | Baintear leas as teicnící éagsúla teagaisc chun an cur chuige cumarsáideach a chur i bhfeidhm, mar shampla:<br>• straitéisí foghlama gníomhacha<br>• comharfhoghlaim<br>• ionaid éagsúla foghlama sa seomra ranga<br>• grúpaí ar chumais éagsúla<br>chun na daltaí ar fad (i.e. foghlaimeoirí T1 agus foghlaimeoirí T2 na Gaeilge) a spreagadh chun leibhéil níos airde úsáid teanga agus cognaíochta a bhaint amach. (Tá *Curaclam Teanga na Bunscoile* ina treoir anseo freisin). | | | | |
| | Déantar teagasc na teanga agus na litearthachta a chomhtháthú le forbairt smaointeoireacht ardoird do gach leibhéal, agus baineann múinteoirí leas as aiseolas foirmitheach[6] éifeachtach a bhaineann leis an teanga agus leis an ábhar curaclaim, araon, ar bhonn comhsheasmhach. | | | | |
| | Tá an measúnú dírithe ar riachtanais speisialta na ndaltaí atá ag foghlaim ábhar curaclaim trí Ghaeilge mar T1 nó mar T2. Baintear úsáid as torthaí an mheasúnaithe mar bhonn eolais don teagasc. | | | | |
| | Tá plean na scoile maidir le forbairt teanga agus litearthachta leagtha amach go soiléir chun freastal ar riachtanais sealbhaithe teanga fhoghlaimeoirí T1 agus T2 na Gaeilge agus chun leas a bhaint as na tairbhí cognaíocha breise a bhaineann leis an tumoideachas. | | | | |
| | Cruthaíonn múinteoirí deiseanna le haghaidh úsáid bhríoch teanga[7] agus le haghaidh idirghníomhaithe agus saibhriú teanga le cur ar chumas daltaí a bheith feasach ar struchtúir shainiúla na Gaeilge. Spreagann múinteoirí na daltaí chun na struchtúir Ghaeilge sin a aithint, agus chun teanga chruinn ó bhéal agus i scríbhinn a chur chun cinn thar achar an churaclaim. | | | | |
| | Téann múinteoirí i mbun obair ghrúpa le daltaí éagsúla ar mhaithe le roghanna a bhfuil ionchais dhifriúla teanga acu a chur faoi bhráid na bhfoghlaimeoirí éagsúla. Faigheann siad tacaíocht ó pháirtithe eile, mar shampla, cúntóirí teanga, agus/nó ó mhúinteoirí tacaíochta ina leith seo chomh maith, chun sainspriocanna foghlama teanga a bhaint amach do dhaltaí T1 agus T2 ar bhonn leanúnach. | | | | |
| | Tá *Curaclam Teanga na Bunscoile* (2015) in úsáid mar threoir chun torthaí foghlama na ndaltaí a aithint thar na snáitheanna: teanga ó bhéal, léitheoireacht agus scríbhneoireacht, agus trí na gnéithe:<br>• caidreamh cumarsáideach a fhorbairt trí theanga<br>• ábhar agus struchtúr na teanga a thuiscint<br>• teanga a fhiosrú agus a úsáid. | | | | |

5 Sainmhínítear cainteoir dúchais Gaeilge mar leanbh a thógtar trí Ghaeilge i bpobal Gaeilge ina labhraíonn a t(h)uismitheoirí Gaeilge mar phríomhtheanga chumarsáide sa bhaile, agus go ndeirtear amhlaidh nuair a chláraítear ar scoil é/í. (Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022, lch 11).

6 Aiseolas foirmitheach: aiseolas a bheidh in úsáid chun an fhoghlaim agus an teagasc a fhorbairt.

7 Úsáid bhríoch teanga: teanga nua-fhoghlamtha a úsáid i gcomhthéacs.

## TÁBLA 5.4: CRITÉAR 4 DON BHUNSCOLAÍOCHT

| | | 1 | 2 | 3 | 4 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Critéar:** | **Plean gníomhaíochta scoile uile a fhorbairt**<br>• **a léireoidh an chaoi ina gcinnteoidh an scoil úsáid na Gaeilge mar theanga na cumarsáide, an teagaisc agus an tsóisialaithe laistigh den scoil agus**<br>• **a dhéanfaidh na buntáistí le foghlaim na Gaeilge agus foghlaim trí Ghaeilge a chur in iúl agus a chur chun cinn i measc phobal na scoile (príomhoide, foireann, daltaí, tuismitheoirí agus bord bainistíochta).** | | | | |
| **Diminsean:** | **Ceannaireacht agus Bainistíocht** | | | | |
| **Réimse:** | • **Ceannaireacht ar fhorbairt na scoile**<br>• **Ceannaireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc**<br>• **An eagraíocht a bhainistiú** | **1** | **2** | **3** | **4** |
| **Samplaí de Tháscairí Dea-Chleachtais** | Tá polasaí soiléir scoile i bhfeidhm maidir le húsáid na Gaeilge mar theanga na cumarsáide i measc fhoireann iomlán na scoile, i measc na múinteoirí agus idir múinteoirí agus daltaí. Déantar plé rialta ar an bpolasaí seo i measc phobal uile na scoile agus tacaíonn daltaí agus múinteoirí leis trí mholtaí feabhsúcháin a chur chun cinn. | | | | |
| | Is é polasaí na scoile go bhfeidhmíonn bord bainistíochta na scoile go hiomlán trí Ghaeilge. Déanfar gach iarracht go mbeidh Gaeilge ag gach ball de bhord bainistíochta na scoile. Is i nGaeilge a bhíonn cruinnithe agus imeachtaí an bhoird. | | | | |
| | Tugann an bord bainistíochta agus an príomhoide tacaíocht iomlán do chumann na dtuismitheoirí agus tugann bainistíocht na scoile tosaíocht shoiléir don Ghaeilge i reáchtáil cruinnithe agus imeachtaí choiste na dtuismitheoirí. Bíonn na tuismitheoirí lánsoiléir maidir le polasaí teanga imeachtaí choiste na dtuismitheoirí. | | | | |
| | Cuirtear polasaí labhairt shóisialta na Gaeilge i bhfeidhm go héifeachtach ar scoil; bíonn straitéisí i bhfeidhm go leanúnach chun na daltaí a spreagadh ó thaobh labhairt shóisialta na Gaeilge agus déantar athbhreithniú ar an bpolasaí seo go rialta. Is í an Ghaeilge an teanga shóisialta a bhíonn ag daltaí i dtimpeallacht na scoile. | | | | |
| | Bíonn na daltaí iad féin agus na tuismitheoirí rannpháirteach i gcothú agus i bhforbairt an pholasaí ó thaobh labhairt shóisialta na Gaeilge agus cuireann siad smaointe feabhsúcháin nua chun cinn go minic. | | | | |
| | Díríonn na múinteoirí ar fhorbairt agus ar theagasc na Gaeilge cumarsáide agus sóisialta agus spreagtar na daltaí in úsáid na Gaeilge sóisialta lasmuigh den seomra ranga i gcónaí. | | | | |
| | Is ceannaire éifeachtach eolach atá sa phríomhoide a chuireann fís, spriocanna, bunfhealsúnacht agus torthaí an oideachais trí mheán na Gaeilge in iúl go soiléir don fhoireann agus do phobal na scoile i gcoitinne. Is féidir leis/léi an fhaisnéis sin a úsáid ar bhealach cruthaitheach chun an t-eolas a scaipeadh ar dhaoine eile agus chun tacú go réamhghníomhach leis an scoil ag ócáidí an phobail. | | | | |
| | Tá na táscairí dea-chleachtais thuas mar bhonn le plean gníomhaíochta feabhsúcháin scoile a dhréachtú. Rinneadh plé agus athmhachnamh le pobal na scoile ar fad, na daltaí, na tuismitheoirí, na múinteoirí agus an bord bainistíochta san áireamh. | | | | |

## TÁBLA 5.5: CRITÉAR 5 DON BHUNSCOLAÍOCHT

| | | 1 | 2 | 3 | 4 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Critéar:** | **Athbhreithniú a dhéanamh ar cháilíocht an tsoláthair oideachais trí mheán na Gaeilge chun feabhsúchán leanúnach a chinntiú tríd an bpróiseas féinmheastóireachta scoile *(FMS)*** | | | | |
| **Diminsean:** | **Teagasc agus Foghlaim agus Ceannaireacht agus Bainistíocht** | | | | |
| **Réimse:** | • **Torthaí agus eispéiris na bhfoghlaimeoirí**<br>• **Cleachtas aonair agus comhchoiteann/comhoibríoch na múinteoirí**<br>• **Ceannaireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc** | **1** | **2** | **3** | **4** |
| **Samplaí de Tháscairí Dea-Chleachtais** | Déanann na múinteoirí agus bainistíocht na scoile athmhachnamh rialta ar éifeachtacht an teagaisc agus na foghlama agus leagtar amach spriocanna feabhsúcháin ar ghnéithe éagsúla teagaisc agus bainistíochta ar mhaithe le cur le caighdeán na foghlama agus an teagaisc sa scoil a fheidhmíonn trí Ghaeilge. | | | | |
| | Cruthaíonn agus coinníonn an scoil taifead ar dhul chun cinn na ndaltaí agus ar an measúnú a dhéantar orthu. Coimeádtar cuntas ar an bpleanáil scoile uile, ar chur i bhfeidhm na pleanála, agus ar an measúnacht. | | | | |
| | Bailíonn an scoil sonraí go córasach le fáil amach an bhfuil spriocanna teanga agus cuspóirí an churaclaim á gcomhlíonadh, agus úsáidtear na sonraí measúnachta don phleanáil maidir le cleachtais teagaisc a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas[8] ar leibhéal scoile uile. | | | | |
| | Maidir le próisis agus nósanna imeachta na scoile a fheidhmíonn trí Ghaeilge, tá róil agus freagrachtaí na foirne, agus na bainistíochta, sainmhínithe go soiléir i bpolasaí agus i gcleachtas le cinntiú gurb iad an teagasc agus an fhoghlaim éifeachtach trí mheán na Gaeilge príomhchúram na scoile i gcónaí. | | | | |
| | Tá na múinteoirí eolach ar phróiseas forbartha an dátheangachais, agus ar thairbhe an tumoideachais, agus bíonn siad sásta a gcuid eolais a fhorbairt go leanúnach agus an t-eolas sin a phlé le tuismitheoirí/caomhnóirí ar mhaithe le caighdeán an oideachais trí mheán na Gaeilge a fheabhsú. | | | | |
| | Is múinteoirí teanga agus ábhair araon iad na múinteoirí ar fad; tá torthaí foghlama beartaithe luaite go soiléir acu maidir le hábhar agus teanga, cuireann siad ionchais shoiléire in iúl maidir le húsáid na tumtheanga, agus féachann siad orthu féin mar éascaitheoirí na forbartha teanga laistigh den seomra ranga agus lasmuigh de, araon. Éiríonn leo an fhoghlaim/an fhorbairt teanga a thomhas ó bhliain go bliain agus mar sin bíonn siad i gcónaí ag cinntiú an chaighdeáin is airde sa soláthar oideachais trí mhéan na Gaeilge. | | | | |
| | Bíonn cruinnithe rialta ag foireann (an múinteoir tacaíochta don Ghaeilge san áireamh) agus ag bainistíocht na scoile ar mhaithe le gnéithe feabhsúcháin agus gnéithe chun forbairt a aithint san fhoghlaim agus gníomhartha a leagan síos chun dul i ngleic leis an bhfeabhsúchán san oideachas trí mhéan na Gaeilge. Bíonn foireann iomlán na scoile páirteach agus bíonn deis ag pobal uile na scoile, daltaí, bord bainistíochta, tuismitheoirí srl a bheith páirteach sa phlé athmhachnamhach chomh maith. | | | | |

8 Tumoideachas: múineadh tríd an spriocteanga (an Ghaeilge) i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge.

## TÁBLA 5.6: CRITÉAR 6 DON BHUNSCOLAÍOCHT

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Critéar:** | **Eispéiris foghlama Ghaeilge a sholáthar a thagann leis na torthaí foghlama T1 i *gCuraclam Teanga na Bunscoile*** | | | | |
| **Diminsean:** | **Teagasc agus Foghlaim agus Ceannaireacht agus Bainistíocht** | | | | |
| **Réimse:** | • **Torthaí agus eispéiris na bhfoghlaimeoirí**<br>• **Cleachtas aonair agus comhchoiteann/comhoibríoch na múinteoirí**<br>• **Ceannaireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc** | **1** | **2** | **3** | **4** |
| **Samplaí de Tháscairí Dea-Chleachtais** | Tá ardchaighdeáin shoiléire ag an scoil maidir le forbairt teanga sa Ghaeilge agus sa Bhéarla, le gnóthachtáil oideachasúil agus le cultúr araon. Tá sé seo ag teacht le *Curaclam Teanga na Bunscoile* i.e. torthaí foghlama don fhoghlaim teanga sa Ghaeilge agus sa Bhéarla do gach dalta, agus ní hionann na torthaí sin d'fhoghlaimeoirí T1 agus T2. Tá ionchais arda ann don dá ghrúpa. | | | | |
| | Tá an curaclam agus an teagasc oiriúnach ó thaobh fhorbairt scileanna teanga gach dalta. | | | | |
| | Comhoibríonn an múinteoir ranga agus an múinteoir tacaíochta don Ghaeilge le chéile chun sainspriocanna teagaisc agus foghlama a dhearadh do na daltaí le cumais éagsúla. | | | | |
| | Bíonn na gníomhaíochtaí measúnaithe atá in úsáid sa scoil oiriúnach do leibhéal cumais agus aoise na ndaltaí. Tá na caighdeáin teanga a bhaintear amach ag teacht leis na torthaí foghlama agus na contanaim dul chun cinn i *gCuraclam Teanga na Bunscoile*. | | | | |
| | Tá *Curaclam Teanga na Bunscoile* á chur i bhfeidhm sa scoil, forbairt ghairmiúil faighte agus pleanáil déanta ag múinteoirí chuige sin. | | | | |
| | Baintear leas as na torthaí foghlama i *gCuraclam Teanga na Bunscoile* agus as na contanaim dul chun cinn a bhaineann leis na mórchéimeanna agus na mionchéimeanna dul chun cinn, mar aon leis an ábhar tacaíochta agus samplaí d'fhoghlaim agus d'fhorbairt na ndaltaí, chun spriocanna teagaisc agus foghlama a aithint sa seomra ranga. | | | | |
| | Treoraíonn na trí ghné den churaclam teanga (Caidreamh, Tuiscint, agus Fiosrú agus Úsáid) trasna na snáitheanna (Teanga ó Bhéal, Léitheoireacht, Scríbhneoireacht) an teagasc agus an fhoghlaim teanga ar fad sa seomra ranga agus úsáidtear na contanaim dul chun cinn chun an teagasc agus an fhoghlaim a mheas. Baineann daltaí torthaí foghlama amach trí thaisteal ar chontanam na mórchéimeanna sna snáitheanna ar fad agus aithnítear mionchéimeanna dul chun cinn ar an tslí. | | | | |
| | Tá caighdeán níos airde Gaeilge á spreagadh agus fianaise ann go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ag na daltaí, idir chainteoirí dúchais agus fhoghlaimeoirí na Gaeilge, trasna shnáitheanna an churaclaim. | | | | |
| | Coinníonn an múinteoir ranga agus an múinteoir tacaíochta don Ghaeilge taifead leanúnach ar dhul chun cinn na ndaltaí agus déanann siad spriocanna nua a aithint nuair is gá chun tacú lena bhforbairt teanga. | | | | |

### TÁBLA 5.7: CRITÉAR 7 DON BHUNSCOLAÍOCHT

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Critéar:** | **Acmhainní Gaeilge a úsáid chun tacú le teagasc na réimsí curaclaim uile trí Ghaeilge sna ranganna uile, seachas don Bhéarla** | | | | |
| **Diminsean:** | **Teagasc agus Foghlaim agus Ceannaireacht agus Bainistíocht** | | | | |
| **Réimse:** | • **Torthaí agus eispéiris na bhfoghlaimeoirí**<br>• **Cleachtas aonair agus comhchoiteann/comhoibríoch na múinteoirí**<br>• **Ceannaireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc** | **1** | **2** | **3** | **4** |
| **Samplaí de Tháscairí Dea-Chleachtais** | Tá polasaí scoile ann chun acmhainní Gaeilge (téacsleabhair, áiseanna digiteacha) a úsáid do gach ábhar. Ní ceart téacsleabhair Bhéarla a úsáid má tá téacsleabhar oiriúnach Gaeilge ar fáil don ábhar. | | | | |
| | Tá cleachtas ann sa scoil ábhair Ghaeilge a roinnt i measc na múinteoirí agus ábhair/ áiseanna a fhorbairt i dteannta a chéile. | | | | |
| | Baineann na múinteoirí úsáid as na hacmhainní Gaeilge atá ar fáil ó na háisíneachtaí éagsúla, mar shampla, COGG, Breacadh, An tÁisaonad &rl. (Aguisín 3). | | | | |
| | Bíonn múinteoirí i dteagmháil le múinteoirí áitiúla eile i dtaca le hábhar dílis atá ag teacht leis an gcanúint agus go minic oibríonn múinteoirí le meitheal múinteoirí eile chun ábhar a chruthú. | | | | |
| | Tacaíonn múinteoirí le chéile trí aon acmhainní/nótaí ranga atá ullmhaithe acu féin do dhaltaí a phrofáil, má bhíonn gá lena leithéid de thacaíocht. | | | | |

## TÁBLA 5.8: CRITÉAR 8 DON BHUNSCOLAÍOCHT

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Critéar:** | **Gníomhaíochtaí curaclaim, comhchuraclaim agus (más ann dóibh) gníomhaíochtaí seach-churaclaim, a sholáthar trí Ghaeilge** | | | | |
| **Diminsean:** | **Ceannaireacht agus Bainistíocht** | | | | |
| **Réimse:** | • **Ceannaireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc**<br>• **An eagraíocht a bhainistiú**<br>• **Ceannaireacht ar fhorbairt na scoile** | **1** | **2** | **3** | **4** |
| **Samplaí de Tháscairí Dea-Chleachtais** | Tá polasaí soiléir scoile ann chun gníomhaíochtaí curaclaim, comhchuraclaim agus seach-churaclaim a reáchtáil trí Ghaeilge amháin chomh minic agus is féidir. | | | | |
| | Bíonn deiseanna go rialta ag daltaí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí cultúrtha trí mheán na Gaeilge, mar shampla, amhránaíocht ar an sean-nós, damhsa ar an sean-nós, scéalaíocht, seanchas. | | | | |
| | Déantar gach iarracht a chinntiú go bhfuil Gaeilge ag aon chuairteoir rialta seach-churaclaim chun na scoile; iarrtar i gcónaí ar aon eagraíocht duine le Gaeilge a chur chun na scoile. | | | | |
| | Baineann an scoil leas as acmhainní Gaeilge an phobail, mar shampla, aoi-chainteoirí líofa i nGaeilge, turais scoile ina gcuimsítear úsáid dhílis na Gaeilge, leas a bhaint as na meáin Ghaeilge agus as úsáid na teicneolaíochta chun tacú le foghlaim na ndaltaí i nGaeilge. | | | | |
| | Cinntíonn an bhainistíocht nach mbíonn aon ghníomhaíochtaí seach-churaclaim ar siúl ar scoil trí Bhéarla. Is trí Ghaeilge a reáchtáiltear gach ócáid seach-churaclaim sa scoil. | | | | |
| | Is i nGaeilge a reáchtáiltear turais scoile do dhaltaí chomh fada agus is féidir. Labhraíonn foireann na scoile Gaeilge leis na daltaí ar thurais scoile agus bíonn turais go hócáidí/imeachtaí cultúrtha agus Gaeilge mar pháirt de chlár na dturas a bhíonn ag an scoil. | | | | |

### TÁBLA 5.9: CRITÉAR 9 DON BHUNSCOLAÍOCHT

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Critéar:** | **Tacú leis an bpobal scoile sa phróiseas pleanála teanga trí chuidiú le húsáid agus cothabháil na Gaeilge sa scoil agus sa phobal Gaeltachta áitiúil** | | | | |
| **Diminsean:** | **Ceannaireacht agus Bainistíocht agus Teagasc agus Foghlaim** | | | | |
| **Réimse:** | • **Ceannaireacht ar fhorbairt na scoile**<br>• **Ceannaireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc**<br>• **Torthaí agus eispéiris na bhfoghlaimeoirí** | **1** | **2** | **3** | **4** |
| **Samplaí de Tháscairí Dea-Chleachtais** | Tá an scoil rannpháirteach sa phróiseas pleanála teanga áitiúil ina bhfuil sprioc chinnte ann cur le líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge sa phobal. | | | | |
| | Tá ionadaí/ionadaithe ón scoil ar an gcoiste pleanála teanga áitiúil agus/nó gníomhach in iarrachtaí an Ghaeilge a threisiú mar theanga an phobail sa cheantar. | | | | |
| | Tá foireann na scoile ag spreagadh na ndaltaí le bheith páirteach i gcur chun cinn na teanga ar scoil agus lasmuigh i measc an phobail. | | | | |
| | Tá comhoibriú iomlán ann idir an scoil agus an pobal/coiste pleanála teanga le cur i bhfeidhm gnéithe oideachais den phlean teanga áitiúil agus den Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta. | | | | |
| | Tá comhoibriú ann idir foireann agus bainistíocht na scoile agus eagraíochtaí óige eile sa cheantar, a chuireann seirbhísí/imeachtaí ar fáil do dhaltaí na scoile. | | | | |
| | Glacann daltaí na scoile páirt in imeachtaí Gaeilge an phobail ar bhonn rialta. | | | | |
| | Déantar gach iarracht seans a thabhairt do phobal na scoile (tuismitheoirí, daltaí, sárchainteoirí an phobail, baill an bhoird) ionchur a bheith acu i gcur chun cinn na Gaeilge sa scoil. | | | | |

### TÁBLA 5.10: CRITÉAR 10 DON BHUNSCOLAÍOCHT

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Critéar:** | **Tús áite a thabhairt d'úsáid na Gaeilge sa chumarsáid le tuismitheoirí, leis an bpobal áitiúil, agus le páirtithe eile** | | | | |
| **Diminsean:** | **Ceannaireacht agus Bainistíocht** | | | | |
| **Réimse:** | • **Ceannaireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc**<br>• **Ceannaireacht ar fhorbairt na scoile**<br>• **An eagraíocht a bhainistiú** | **1** | **2** | **3** | **4** |
| **Samplaí de Tháscairí Dea-Chleachtais** | Tá polasaí ag an scoil tús áite a thabhairt d'úsáid na Gaeilge le tuismitheoirí na scoile i ngach aon chomhfhreagras leo; is i nGaeilge a ullmhaítear an comhfhreagras agus cuirtear aistriúchán Béarla ar fáil do na tuismitheoirí a mbeadh gá acu lena leithéid. Mar chuid de phróiseas clárúcháin daltaí sa pholasaí iontrála, tugtar deis do thuismitheoirí comhfhreagras na scoile a iarraidh i nGaeilge nó go dátheangach. | | | | |
| | Sna ceantair Ghaeltachta is láidre ó thaobh labhairt laethúil na Gaeilge de, is i nGaeilge amháin a dhéantar comhfhreagras le tuismitheoirí seachas na tuismitheoirí a lorgaíonn comhfhreagras dátheangach ag tús na scoilbhliana. | | | | |
| | Reáchtáiltear na cruinnithe leis na tuismitheoirí as Gaeilge amháin nuair is féidir nó go dátheangach, más gá, le tús áite don Ghaeilge. | | | | |
| | Tugtar tús áite don Ghaeilge in aon chomhfhreagras oifigiúil le haon eagraíocht phobail áitiúil/ stáit a mbíonn an scoil i dteagmháil leo. | | | | |
| | Cothaíonn an scoil dea-chaidreamh le tuismitheoirí/caomhnóirí trí aiseolas réamhghníomhach soiléir agus cuiditheach a thabhairt dóibh ar bhonn leanúnach chun tacú le dul chun cinn agus foghlaim a bpáistí. Tugtar tús áite don Ghaeilge san idirghníomhaíocht seo. | | | | |
| | Iarrtar ar thuismitheoirí gach iarracht a dhéanamh Gaeilge a labhairt ar scoil nuair a bhailíonn siad a bpáistí (le múinteoirí, tuismitheoirí eile agus páistí). Meabhraítear dóibh go minic go mbeidh rath níos fearr ar oideachas a gcuid páistí má thaispeánann na tuismitheoirí dea-shampla ó thaobh theanga teagaisc na scoile. | | | | |

### TÁBLA 5.11: CRITÉAR 11 AGUS CRITÉAR 12 DON BHUNSCOLAÍOCHT

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Critéar:** | **Naisc theanga agus chultúrtha atá úsáideach agus chun tairbhe an dá thaobh a bhunú leis na suíomhanna luathoideachais áitiúla a fheidhmíonn trí Ghaeilge, agus le hiar-bhunscoileanna áitiúla a fheidhmíonn trí Ghaeilge agus bunscoileanna eile a fheidhmíonn trí Ghaeilge** | | | | |
| **Diminsean:** | **Ceannaireacht agus Bainistíocht agus Teagasc agus Foghlaim** | | | | |
| **Réimse:** | • **Ceannaireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc**<br>• **Ceannaireacht ar fhorbairt na scoile**<br>• **Torthaí agus eispéiris na bhfoghlaimeoirí** | **1** | **2** | **3** | **4** |
| **Samplaí de Tháscairí Dea-Chleachtais** | Tá nasc láidir agus bealach cumarsáide idir an naíonra áitiúil agus an bhunscoil chun na pointí tosaigh d'fhoghlaim teanga na bpáistí a shoiléiriú agus chun tacaíochtaí éifeachtacha a fhorbairt d'aistriú na bpáistí. | | | | |
| | Bíonn comhoibriú idir an suíomh luathoideachais (an naíonra) agus an bhunscoil chun teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí ó thaobh an oideachais trí mheán na Gaeilge de. | | | | |
| | Comhoibríonn an bhunscoil agus an iar-bhunscoil ar mhaithe le leanúnachas a chinntiú san fhorbairt teanga agus foghlama idir an bhunscolaíocht agus an iar-bhunscolaíocht. | | | | |
| | Oibríonn an bhunscoil agus an iar-bhunscoil i bpáirt lena chéile chun buntáistí an oideachais trí mheán na Gaeilge a mhíniú do thuismitheoirí. | | | | |
| | Freastalaíonn daltaí bunscoile agus scoláirí iar-bhunscoile ar ócáidí Gaeilge i dteannta a chéile ar bhonn rialta. | | | | |
| | Déantar nasc a chothú idir an bhunscoil sa Ghaeltacht agus bunscoileanna lán-Ghaeilge i gceantair eile chun a chur ar chumas daltaí a scileanna Gaeilge a fhorbairt. | | | | |

## TÁBLA 5.12: CRITÉAR 13 DON BHUNSCOLAÍOCHT

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Critéar:** | **Gach iarracht a dhéanamh foireann teagaisc agus foireann choimhdeach a earcú atá líofa sa Ghaeilge agus a bhfuil eolas agus tuiscint acu ar an gcleachtas oideolaíoch a bhaineann le teagasc trí Ghaeilge chomh maith le tuiscint ar dhinimic theanga agus chultúrtha na Gaeltachta** | | | | |
| **Diminsean:** | **Ceannaireacht agus Bainistíocht** | | | | |
| **Réimse:** | • **Ceannaireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc**<br>• **Ceannaireacht ar fhorbairt na scoile**<br>• **An eagraíocht a bhainistiú** | **1** | **2** | **3** | **4** |
| **Samplaí de Tháscairí Dea-Chleachtais** | Tá polasaí ag an scoil gach iarracht a dhéanamh i gcónaí múinteoirí atá go hiomlán inniúil ar mhúineadh trí Ghaeilge a earcú agus cuirtear gach tacaíocht ar fáil do mhúinteoirí uile na scoile maidir lena gcumas agus a gcruinneas sa Ghaeilge a bheith ar ardchaighdeán. Cuireann an scoil fianaise ar fáil de na hiarrachtaí a rinneadh múinteoirí/baill foirne atá go hiomlán inniúil i nGaeilge a cheapadh. | | | | |
| | Is cuid lárnach de pholasaí na scoile é:<br>• go mbeadh Gaeilge ag gach duine de na baill foirne agus<br>• go labhródh siad an Ghaeilge mar ghnáthnós agus mar theanga chumarsáide eatarthu féin agus leis na daltaí ar scoil. | | | | |
| | Cuirtear gach saghas tacaíocht teanga ar fáil do mhúinteoirí nua agus do mhúinteoirí atá sa scoil ó thaobh cruinnis sa Ghaeilge de, agus ó thaobh fhorbairt a gcuid Gaeilge ábharbhunaithe de, de réir mar a bhíonn sé ag teastáil. | | | | |
| | Bíonn na múinteoirí ar fad ag gabháil d'fhoghlaim leanúnach agus d'fhorbairt ghairmiúil, rud a chuireann ar a gcumas machnamh agus forbairt a dhéanamh ar a dteanga féin agus ar a saineolas oideolaíoch a bhaineann go sainiúil leis an tumoideachas agus le múineadh trí mheán na Gaeilge. | | | | |
| | Cuirtear tacaíocht chuí ar fáil do bhaill foirne ó thaobh roinnt dea-chleachtais de, mar shampla, cruinnithe rialta agus am chun breathnú ar chomhghleacaithe i mbun teagaisc. Spreagtar deiseanna le haghaidh oiliúna gairmiúla i measc comhghleacaithe i dtaca le pleanáil chomhoibríoch, comhtheagasc, comh-mhachnamh agus athbhreithniú modhanna teagaisc. | | | | |
| | Tá pleananna gníomhaíochta don fhorbairt ghairmiúil bunaithe ar riachtanais na foirne teagaisc. | | | | |
| | Tá clár cuimsitheach san fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) ag an scoil atá uileghabhálach agus ábhartha chun tacú le sainriachtanais na foirne sa scoil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge sa Ghaeltacht. | | | | |

# Tagairtí


- An Chigireacht, An Roinn Oideachais agus Scileanna (2016). ***Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna.***
- An Chigireacht, An Roinn Oideachais agus Scileanna (2016). ***Féinmheastóireacht Scoile: Treoirlínte 2016-2020: Bunscoileanna.***
- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2009). ***Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige***.
- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2015). ***Curaclam Teanga na Bunscoile.***
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2018). Imlitir 0010/2020. Bunscoileanna agus Scoil(eanna) Speisialta i Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta atá rannpháirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta: Feidhmiú Leanúnach na Scéime (2020 - 2021).
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2019). ***Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2019-2023.***
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2019). ***Cumasú: Ráiteas Straitéise na Roinne Oideachais agus Scileanna 2019-2021.***
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2017). ***Plean DEIS 2017: Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna*** (www.education.ie)
- Ó Ceallaigh, T.J. & Ní Shéaghdha, A. (2017). ***I dTreo Barr Feabhais: Dea-Chleachtais san Oideachas Lán-Ghaeilge.*** Gaeloideachas: Baile Átha Cliath.
- Rialtas na hÉireann (2016). ***Acht na Gaeltachta 2012: Treoirlínte Pleanála Teanga.***
- Rialtas na hÉireann (2010). ***Stráitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030.***
- Rialtas na hÉireann (1998). ***An tAcht Oideachais 1998***

# Aguisín 1

## Na critéir theangabhunaithe d'aitheantas mar bhunscoil Ghaeltachta

| | Na critéir theangabhunaithe do bhunscoileanna | 1<br>Le cur i bhfeidhm | 2<br>Dul chun cinn déanta | 3<br>Á chur i bhfeidhm | 4<br>Curtha i bhfeidhm |
|---|---|---|---|---|---|
| 1. | Clár lántumtha dhá bhliain trí Ghaeilge a chur i bhfeidhm i ranganna na naíonán, tráth nach múinfear Béarla ar bith lena linn | | | | |
| 2. | Cur chuige lántumtha a chur i bhfeidhm ina múinfear gach réimse foghlama, seachas an Béarla, trí Ghaeilge | | | | |
| 3. | Eispéiris oideachais ardchaighdeáin trí Ghaeilge a sholáthar do na daltaí uile agus aird ar leith a dhíriú ar riachtanais teanga idirdhealaithe na gcainteoirí dúchais Gaeilge chomh maith le foghlaimeoirí Gaeilge | | | | |
| 4. | Plean gníomhaíochta feabhsúcháin scoile uile a fhorbairt:<br>a) a léireoidh an chaoi ina gcinnteoidh an scoil úsáid na Gaeilge mar theanga na cumarsáide, an teagaisc agus an tsóisialaithe laistigh den scoil agus<br>b) a dhéanfaidh na buntáistí a bhaineann le foghlaim na Gaeilge agus foghlaim trí Ghaeilge a chur in iúl agus a chur chun cinn i measc phobal na scoile (príomhoide, foireann, daltaí, tuismitheoirí agus bord bainistíochta) | a)<br>b) | | | |
| 5. | Athbhreithniú ar cháilíocht an tsoláthair oideachais trí Ghaeilge chun feabhsúchán leanúnach a chinntiú tríd an bpróiseas féinmheastóireachta scoile (FMS) | | | | |
| 6. | Eispéiris foghlama Ghaeilge a sholáthar a thagann leis na torthaí foghlama T1 i *gCuraclam Teanga na Bunscoile* do scoileanna Gaeltachta agus scoileanna a fheidhmíonn trí Ghaeilge | | | | |
| 7. | Acmhainní Gaeilge a úsáid chun tacú le teagasc na réimsí curaclaim uile trí Ghaeilge sna ranganna uile, seachas curaclam an Bhéarla | | | | |
| 8. | Gníomhaíochtaí curaclaim, gníomhaíochtaí comhchuraclaim agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim (más ann dóibh) a sholáthar trí Ghaeilge | | | | |
| 9. | Tacú lena bpobal scoile sa phróiseas pleanála teanga (faoi Acht na Gaeltachta, 2012) trí chuidiú le húsáid agus cothú na Gaeilge sa scoil agus sa phobal áitiúil Gaeltachta | | | | |
| 10. | Tús áite d'úsáid na Gaeilge sa chumarsáid le tuismitheoirí, leis an bpobal áitiúil agus le páirtithe eile | | | | |
| 11. | Naisc theanga agus chultúrtha atá úsáideach agus chun tairbhe an dá thaobh a bhunú leis na suíomhanna luathoideachais áitiúla a fheidhmíonn trí Ghaeilge (*naíonraí*) | | | | |
| 12. | Naisc theanga agus oideachais atá úsáideach agus chun tairbhe an dá thaobh a bhunú le hiar-bhunscoileanna áitiúla a fheidhmíonn trí Ghaeilge agus bunscoileanna eile a fheidhmíonn trí Ghaeilge | | | | |
| 13. | Gach iarracht foireann teagaisc agus foireann choimhdeach a earcú atá líofa sa Ghaeilge, agus a bhfuil eolas agus tuiscint acu ar an gcleachtas oideolaíoch a bhaineann le teagasc trí Ghaeilge chomh maith le tuiscint ar dhinimic teanga agus cultúrtha na Gaeltachta. | | | | |

# Aguisín 2

## Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna – Forléargas

*(Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna, lch 12)*

<table>
<tr><th></th><th>RÉIMSÍ</th><th>CAIGHDEÁIN</th></tr>
<tr><td rowspan="4">TEAGASC AGUS FOGHLAIM</td><td>Torthaí na bhfoghlaimeoirí</td><td>Maidir leis na daltaí:<br>• baineann siad taitneamh as a gcuid foghlama, tá siad spreagtha chun foghlama, agus tá siad ag súil le gnóthachtáil mar fhoghlaimeoirí<br>• tá an t-eolas agus na scileanna riachtanacha acu chun iad féin agus a gcaidreamh a thuiscint<br>• léiríonn siad an t-eolas, na scileanna agus an tuiscint atá de dhíth ar churaclam na bunscoile<br>• baineann siad amach na cuspóirí foghlama atá luaite don téarma agus don bhliain.</td></tr>
<tr><td>Eispéiris na bhfoghlaimeoirí</td><td>Maidir leis na daltaí:<br>• glacann siad páirt go tairbheach i ngníomhaíochtaí foghlama fiúntacha<br>• fásann siad mar fhoghlaimeoirí trí idirghníomhaíochtaí ómósacha agus eispéiris atá dúshlánach agus tacúil<br>• déanann siad athmhachnamh ar a ndul chun cinn mar fhoghlaimeoirí agus forbraíonn siad mothúchán d'úinéireacht agus de fhreagracht as a bhfoghlaim<br>• faigheann siad deiseanna chun na scileanna agus na dearcthaí a fhorbairt atá riachtanach don fhoghlaim ar feadh an tsaoil.</td></tr>
<tr><td>Cleachtas aonair na múinteoirí</td><td>Maidir leis an múinteoir:<br>• tá an t-eolas ábhair, an t-eolas oideolaíochta agus na scileanna bainistíochta seomra ranga riachtanacha aige/aici<br>• roghnaíonn agus úsáideann sé/sí cleachtais pleanála, ullmhúcháin agus measúnaithe a chuireann foghlaim na ndaltaí chun cinn<br>• roghnaíonn agus úsáideann sé/sí cuir chuige teagaisc atá oiriúnach do na cuspóirí foghlama agus do riachtanais foghlama na ndaltaí<br>• freagraíonn sé/sí do riachtanais foghlama aonair agus idirdhealaíonn sé/sí gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama mar is gá.</td></tr>
<tr><td>Cleachtas comhchoiteann / comhoibríoch na múinteoirí</td><td>Maidir leis na múinteoirí:<br>• tá meas acu ar an bhforbairt ghairmiúil agus ar an gcomhoibriú gairmiúil agus glacann siad páirt iontu<br>• oibríonn siad le chéile chun deiseanna foghlama a cheapadh do dhaltaí ar fud an churaclaim agus taobh amuigh de<br>• i gcomhar lena chéile forbraíonn siad agus cuireann siad i bhfeidhm cleachtais measúnaithe fhoirmitheacha agus shuimitheacha atá comhsheasmhach agus iontaofa<br>• cuidíonn siad leis an acmhainn uile-foirne a thógáil trína saineolas a roinnt.</td></tr>
</table>

## Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna – Forléargas (ar lean)

*(Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna, lch 12)*

| | RÉIMSÍ | CAIGHDEÁIN |
|---|---|---|
| **CEANNAIREACHT AGUS BAINISTÍOCHT** | **Ceannaireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc** | Maidir leis na ceannairí scoile:<br>• cuireann siad cultúr d'fheabhsú, comhoibriú, nuálaíocht agus cruthaitheacht san fhoghlaim, sa teagasc agus sa mheasúnú chun cinn<br>• cothaíonn siad tiomantas don chuimsiú, comhdheiseanna agus forbairt iomlánaíoch gach dalta<br>• bainistíonn siad pleanáil agus cur i bhfeidhm an churaclaim<br>• cothaíonn siad forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí a shaibhríonn foghlaim na múinteoirí agus na ndaltaí. |
| | **An eagraíocht a bhainistiú** | Maidir leis na ceannairí scoile:<br>• bunaíonn siad timpeallacht foghlama ordúil, slán agus sláintiúil, agus coinníonn siad í trí chumarsáid éifeachtach<br>• bainistíonn siad acmhainní daonna, fisiciúla agus airgeadais na scoile chun eagraíocht foghlama a chruthú agus a choinneáil<br>• bainistíonn siad cásanna dúshlánacha agus casta ar bhealach a léiríonn comhionannas, cothroime agus cóir<br>• forbraíonn siad agus cuireann siad i bhfeidhm córas chun freagracht agus cuntasacht ghairmiúil a chur chun cinn. |
| | **Ceannaireacht ar fhorbairt na scoile** | Maidir leis na ceannairí scoile:<br>• cuireann siad an fhís atá mar threoir ag an scoil in iúl agus bíonn siad i gceannas ar bhaint amach na físe sin<br>• bíonn siad i gceannas ar rannpháirtíocht na scoile i bpróiseas leanúnach na féinmheastóireachta<br>• déanann siad caidrimh a thógáil agus a choinneáil le tuismitheoirí, le scoileanna eile, agus leis an bpobal níos leithne<br>• déanann siad bainistiú, ceannaireacht agus idirghabháil ar an athrú d'fhonn freagairt ar riachtanais na scoile atá ag athrú agus ar athruithe san oideachas. |
| | **Acmhainn na ceannaireachta a fhorbairt** | Maidir leis na ceannairí scoile:<br>• déanann siad measúnú ar a gcleachtas mar cheannairí agus forbraíonn siad an tuiscint atá acu ar cheannaireacht inbhuanaithe agus éifeachtach<br>• cuireann siad ar chumas na foirne róil cheannaireachta a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm<br>• cothaíonn siad agus éascaíonn siad an fhorbairt ar ghuth na ndaltaí, rannpháirtíocht na ndaltaí agus ceannaireacht na ndaltaí<br>• tógann siad líonraí gairmiúla le ceannairí scoile eile. |

# Aguisín 3

## Áiseanna teagaisc do mhúineadh scileanna réamhlitearthachta i mbunscoileanna a fheidhmíonn trí Ghaeilge sa Ghaeltacht

**Tá liosta cuimsitheach d'áiseanna don teagasc trí Ghaeilge agus teagasc na Gaeilge ar fáil ar shuíomh gréasáin COGG: www.cogg.ie**




@CoggOid @AisTeagaiscCOGG

@coggoid

vimeo coggoid

#oidgael

**Tá ábhar tacaíochta breise ar fáil ar www.pdst.ie agus www.jct.ie agus www.scoilnet.ie**

@PDSTie

@PDSTGaeilge

@PDST_TechinED

@jctGaeilge

@JCforTeachers

https://www.facebook.com/PDSTie

@scoilnet

https://www.facebook.com/scoilnetpostprimary/

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta

An Roinn Oideachais
Department of Education